Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 27 Samhain 2020**
**(OR. en)**

**13464/20**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0338(NLE)**

**AVIATION 217**
**RELEX 942**
**RHJ 5**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 27 Samhain 2020 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2020) 764 final |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh den Chomhchoiste a bhunaítear leis an gComhaontú Eitlíochta Eora-Mheánmhara idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Ríocht Haisimíteach na hIordáine, den pháirt eile |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2020) 764 final.

---

Faoi iamh: COM(2020) 764 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 27.11.2020
COM(2020) 764 final

ANNEX

**IARSCRÍBHINN**

**a ghabhann leis an**

**Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh den Chomhchoiste a bhunaítear leis an gComhaontú Eitlíochta Eora- Mheánmhara idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Ríocht Haisimíteach na hIordáine, den pháirt eile**

**CINNEADH Uimh. 1/ [bliain] ÓN gCOMHCHOISTE IDIR AN tAONTAS AGUS AN IORDÁIN A BHUNAÍTEAR LEIS AN gCOMHAONTÚ EITLÍOCHTA EORA-MHEÁNMHARA IDIR AN tAONTAS EORPACH AGUS A BHALLSTÁIT, DE PHÁIRT, AGUS RÍOCHT HAISIMÍTEACH NA hIORDÁINE, DEN PHÁIRT EILE**

dar dáta an …

lena nglactar a rialacha nós imeachta

TÁ AN COMHCHOISTE IDIR AN tAONTAS EORPACH AGUS AN IORDÁIN,

Ag féachaint don Chomhaontú Eitlíochta Eora-Mheánmhara idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Ríocht Haisimíteach na hIordáine, den pháirt eile ('an Comhaontú'), agus go háirithe d'Airteagal 21, mír 3, de,

TAR ÉIS CINNEADH MAR A LEANAS:

*Airteagal aonair*

Glactar leis seo rialacha nós imeachta an Chomhchoiste atá i gceangal leis an gcinneadh seo.

Arna dhéanamh ...,

Thar ceann an Chomhchoiste,

*Ceann Thoscaireacht an Aontais Eorpaigh*

[ainm]

*Ceann Thoscaireacht na hIordáine*

[ainm]

## Iarscríbhinn

# Rialacha Nós Imeachta an Chomhchoiste

*Airteagal 1*

**Cinn Toscaireachta**

1. Faoi mar a fhoráiltear in Airteagal 21, mír 1, den Chomhaontú, beidh an Comhchoiste comhdhéanta d'ionadaithe ó na Páirtithe Conarthacha.

2. Beidh Cinn Toscaireachta na bPáirtithe Conarthacha ina gcomhchathaoirligh ar an gComhchoiste.

*Airteagal 2*

**Cruinnithe**

1. De bhun Airteagal 21, mír 4, den Chomhaontú, tiocfaidh an Comhchoiste le chéile de réir mar is gá agus nuair is gá. Féadfaidh ceachtar de na Páirtithe Conarthacha a iarraidh go dtionólfaí cruinniú.

2. Féadfaidh an Comhchoiste cruinnithe a thionól aghaidh ar aghaidh, nó, mar eisceacht, ar bhealaí eile (e.g. glaonna comhdhála nó físchomhdhálacha).

3. Maidir le cruinnithe a reáchtáil beidh sealaíocht ann, a oiread agus is féidir, idir áit i mBallstát de chuid an Aontais agus an Iordáin, mura gcomhaontóidh na Páirtithe Conarthacha a mhalairt.

4. Nuair a bheidh dáta agus áit na gcruinnithe comhaontaithe ag na Páirtithe Conarthacha, is é an Coimisiún Eorpach a thionólfaidh cruinnithe don Aontas Eorpach agus dá Bhallstáit agus is é Coimisiún na hIordáine um Rialú na hEitlíochta Sibhialta a thionólfaidh cruinnithe don Iordáin.

5. Seachas de réir mar a chomhaontóidh na Páirtithe Conarthacha a mhalairt, ní cruinnithe poiblí a bheidh i gcruinnithe an Chomhchoiste. Más gá, féadfar preaseisiúint a dhréachtú trí chomhaontú ag deireadh an chruinnithe.

*Airteagal 3*

**Toscaireachtaí**

1. Roimh gach cruinniú, cuirfidh na Cinn Toscaireachta in iúl dá chéile comhdhéanamh beartaithe a dtoscaireachtaí le haghaidh an chruinnithe.

2. Féadfar cuireadh a thabhairt d'ionadaithe geallsealbhóirí ó thionscal an aeriompair freastal ar chruinnithe mar bhreathnóirí, má chomhaontaíonn an Comhchoiste amhlaidh.

3. Féadfaidh an Comhchoiste cuireadh a thabhairt do pháirtithe leasmhara nó saineolaithe eile freastal ar a chruinnithe chun faisnéis a sholáthar maidir le hábhair áirithe.

*Airteagal 4*

**An Rúnaíocht**

Oifigeach ón gCoimisiún Eorpach agus oifigeach ó Choimisiún na hIordáine um Rialú na hEitlíochta Sibhialta, ainmneofar iad le gníomhú go comhpháirteach mar rúnaithe an Chomhchoiste.

*Airteagal 5*

**Clár oibre na gcruinnithe**

1. Leagfaidh na Cinn Toscaireachta síos clár oibre sealadach gach cruinnithe trí chomhaontú. Cuirfidh na rúnaithe an clár oibre sealadach sin chuig comhaltaí na dtoscaireachtaí cúig lá dhéag ar a laghad roimh dháta an chruinnithe.

2. Glacfaidh an Comhchoiste an clár oibre ag tús gach cruinnithe. Féadfar ítimí eile seachas iad siúd atá ar an gclár oibre sealadach a chuimsiú sa chlár oibre, má chomhaontaíonn an Comhchoiste amhlaidh.

3. Na teorainneacha ama a shonraítear i mír 1 den Airteagal seo, féadfaidh na Cinn Toscaireachta iad a ghiorrú chun na ceanglais nó an phráinn a bhaineann le hábhar áirithe a thabhairt san áireamh.

*Airteagal 6*

**Miontuairiscí**

1. Déanfar Dréacht-Mhiontuairiscí gach cruinnithe den Chomhchoiste a tharraingt suas tar éis gach cruinnithe. Cuirfear in iúl iontu na hítimí a pléadh, aon mholadh a rinneadh, agus aon chinneadh a glacadh.

2. Laistigh de mhí tar éis an chruinnithe, cuirfidh an Ceann Toscaireachta óstach na dréacht-mhiontuairiscí faoi bhráid an Chinn Toscaireachta eile lena bhformheas tríd an nós imeachta i scríbhinn.

3. A luaithe a fhormheasfar iad, síneoidh na Cinn Toscaireachta na miontuairiscí i ndúblach agus comhdóidh an dá Pháirtí Chonarthacha cóip bhunaidh amháin. Féadfaidh na Cinn Toscaireachta a chinneadh go gcomhlíontar an ceanglais sin le síniú agus malartú cóipeanna leictreonacha.

4. Na miontuairiscí ó chruinnithe an Chomhchoiste, cuirfear ar fáil go poiblí iad mura n-iarrfaidh ceann de na Páirtithe Conarthacha a mhalairt.

*Airteagal 7*

**Nós imeachta i scríbhinn**

I gcás inar gá agus ina mbeadh sé cuí-réasúnaithe, féadfar cinntí agus moltaí ón gComhchoiste a ghlacadh tríd an nós imeachta i scríbhinn. Chun na críche sin, malartóidh na Cinn Toscaireachta na dréachtbhearta a mbeidh tuairim an Chomhchoiste á hiarraidh ina leith, agus féadfar iad a dheimhniú ansin trí mhalartú comhfhreagrais. Mar sin féin, féadfaidh aon Pháirtí Conarthach a iarraidh go dtionólfaí an Comhchoiste chun an t-ábhar a phlé.

*Airteagal 8*

**Pléití**

1. Déanfaidh an Comhchoiste a mholtaí agus glacfaidh sé a chinntí ar bhonn an chomhdhearcaidh.

2. "Cinneadh" agus "Moladh" an teideal a bheidh ar chinntí agus ar mholtaí an Chomhchoiste faoi seach, agus ina dhiaidh sin beidh sraithuimhir, dáta a nglactha agus tuairisc ar a n-ábhar.

3. Síneoidh na Cinn Toscaireachta moltaí agus cinntí an Chomhchoiste, agus cuirfear i gceangal leis na Miontuairiscí iad.

4. Na cinntí a ghlacfaidh an Comhchoiste, cuirfidh na Páirtithe Conarthacha chun feidhme iad i gcomhréir lena nósanna imeachta inmheánacha féin.

5. Na cinntí a ghlacfaidh an Comhchoiste, féadfaidh na Páirtithe Conarthacha iad a fhoilsiú ina bhfoilseacháin oifigiúla féin. Aon ghníomh eile a ghlacfaidh an Comhchoiste, féadfaidh gach Páirtí Conarthach a chinneadh é a fhoilsiú. Déanfaidh gach Páirtí Conarthach cóip bhunaidh amháin de na cinntí agus na moltaí a chomhdú.

*Airteagal 9*

**Meithleacha**

1. Féadfaidh an Comhchoiste meithleacha a bhunú chun cabhrú leis an gComhchoiste a dhualgais a chur i gcrích. Na téarmaí tagartha le haghaidh meithle, cuimseofar iad in Iarscríbhinn a ghabhann leis an gcinneadh lena gcuirtear an mheitheal ar bun.

2. Beidh na meithleacha comhdhéanta d’ionadaithe ó na Páirtithe Conarthacha.

3. Is faoi údarás an Chomhchoiste a oibreoidh na meithleacha, agus tabharfaidh siad tuairisc dó tar éis gach cruinnithe a bheidh acu. Ní ghlacfaidh siad cinntí ach féadfaidh siad moltaí a chur faoi bhráid an Chomhchoiste.

4. Féadfaidh an Comhchoiste a chinneadh tráth ar bith deireadh a chur le meithleacha atá ann cheana, a dtéarmaí tagartha a mhodhnú, nó meithleacha nua a bhunú chun cabhrú leis a dhualgais a chur i gcrích.

*Airteagal 10*

**Costais**

1. I dtaca leis na costais a bhaineann le rannpháirtíocht na bPáirtithe Conarthacha i gcruinnithe an Chomhchoiste agus i gcruinnithe na meithleacha, glanfaidh na Páirtithe na costais sin, a mhéid a bhaineann le costais foirne, taistil agus chothaithe agus le costais phoist agus teileachumarsáide chomh maith.

2. Is ar an bPáirtí Conarthach a óstálfaidh na cruinnithe a thitfidh aon chostas eile a bhaineann le heagrú ábhartha na gcruinnithe.

*Airteagal 11*

**Na Rialacha Nós Imeachta a Leasú**

Féadfaidh an Comhchoiste na rialacha nós imeachta seo a leasú tráth ar bith trí chinneadh a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 21 den Chomhaontú.